Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2629

22.11.2023

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2629 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20 Samhain 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagail 230(1) agus 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim teacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Saskatchewan, ráigeanna a deimhníodh idir an 30 Deireadh Fómhair 2023 agus an 1 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i Sasana, i limistéar comhairle de Lincolnshire, ráig a deimhníodh an 9 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 13 ráig de HPAI in éanlaith chlóis i stáit Iowa (5), Minnesota (3), Montana (1), agus South Dakota (4), ráigeanna a deimhníodh idir 3 Samhain 2023 agus an 9 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(8) Tar éis na ráigeanna sin le déanaí den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(12) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach á cur san áireamh, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.202 go dtí CA-2.205 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.201:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**CA** Ceanada | CA-2.202 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 30.10.2023 | |
| | CA-2.203 | | N, P1 | | 31.10.2023 | |
| | CA-2.204 | | N, P1 | | 1.11.2023 | |
| | CA-2.205 | | N, P1 | | 1.11.2023’; | |

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.324 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.323:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**GB** An Ríocht Aontaithe | GB-2.324 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 9.11.2023’; | |

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna US-2.493 go US-2.505 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.492:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.493 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 3.11.2023 | |
| | US-2.494 | | N, P1 | | 6.11.2023 | |
| | US-2.495 | | N, P1 | | 3.11.2023 | |
| | US-2.496 | | N, P1 | | 6.11.2023 | |
| | US-2.497 | | N, P1 | | 7.11.2023 | |
| | US-2.498 | | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.499 | | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.500 | | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | US-2.501 | | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | US-2.502 | | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | US-2.503 | | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.504 | | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.505 | | N, P1 | | 9.11.2023’; | |

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.202 go CA-2.205 tar éis na tuairisce ar chrios CA-2.201:

| | | |
|---|---|---|
| ‘Ceanada | CA-2.202 | Saskatchewan- Latitude 52.6 Longitude -106.7<br>The municipalities involved are:<br>3km PZ: Waldheim 10km<br>SZ: Blaine Lake, Laird, Petrofka, and Waldheim |
| | CA-2.203 | Saskatchewan- Latitude 51.5, Longitude -107.28<br>The municipalities involved are:<br>3km PZ: Dinsmore<br>10km SZ: Anerley, Bounty, Bratton, Conquest, Dinsmore, and Milden |
| | CA-2.204 | Saskatchewan- Latitude 51.06, Longitude -106.33<br>The municipalities involved are:<br>3km PZ: Brownlee and Eyebrow<br>10km SZ: Brownlee and Eyebrow |
| | CA-2.205 | Saskatchewan- Latitude 52.21, Longitude -106.29<br>The municipalities involved are:<br>3km PZ: Blucher and Saskatoon<br>10km SZ: Bergheim, Blucher, Clavet, Saskatoon, and St-Denis’; |

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios GB-2.324 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.323:

| | | |
|---|---|---|
| ‘An Ríocht Aontaithe | GB-2.324 | near Donington, New Holland, Lincolnshire, England, GB<br>The area contained within a circle of a radius of 10km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.90 and Long: W0.25’; |

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.493 go US-2.505 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.492:

| | | |
|---|---|---|
| ‘Na Stáit Aontaithe | US-2.493 | State of Iowa<br>Clay 01<br>Clay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.0877604°W 43.0428604°N) |
| | US-2.494 | State of Iowa<br>Clay 02<br>Clay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.0969928°W 43.0451005°N) |
| | US-2.495 | State of Iowa<br>Clay 03<br>Clay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.9393707°W 43.0296790°N) |

| | | |
|---|---|---|
| | US-2.496 | State of Iowa<br>Hamilton 03<br>Hamilton County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.7913229°W 42.5968856°N) |
| | US-2.497 | State of Minnesota<br>Stearns 14<br>Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.8587663°W 45.7690948°N) |
| | US-2.498 | State of Minnesota<br>Steele 01<br>Steele County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.2287143°W 43.9383793°N) |
| | US-2.499 | State of Minnesota<br>Redwood 04<br>Redwood County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.4899659°W 44.6199986°N) |
| | US-2.500 | State of Iowa<br>Kossuth 02<br>Kossuth County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.1046726°W 43.3769102°N) |
| | US-2.501 | State of South Dakota<br>Charles Mix 07<br>Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.1448992°W 43.2347570°N) |
| | US-2.502 | State of South Dakota<br>Clark 09<br>Clark County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9077432°W 44.8578366°N) |
| | US-2.503 | State of South Dakota<br>McPherson 08<br>McPherson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.8351890°W 45.6944596°N) |
| | US-2.504 | State of South Dakota<br>Roberts 02<br>Roberts County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.6244707°W 45.9994061°N) |
| | US-2.505 | State of Montana<br>Wheatland 01<br>Wheatland County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 109.7727183°W 46.5449673°N)’; |

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.202 go dtí CA-2.205 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.201:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**CA** Ceanada | CA-2.202 | POU, RAT | N, P1 | | 30.10.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 30.10.2023 | |
| | CA-2.203 | POU, RAT | N, P1 | | 31.10.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 31.10.2023 | |
| | CA-2.204 | POU, RAT | N, P1 | | 1.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 1.11.2023 | |
| | CA-2.205 | POU, RAT | N, P1 | | 1.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 1.11.2023’; | |

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chrios GB-2.324 tar éis a rónna le haghaidh chrios GB-2.323:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**GB** An Ríocht Aontaithe | GB-2.324 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023’; | |

(c) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna US-2.493 go US-2.505 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.492:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** Na Stáit Aontaithe | US-2.493 | POU, RAT | N, P1 | | 3.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 3.11.2023 | |
| | US-2.494 | POU, RAT | N, P1 | | 6.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 6.11.2023 | |
| | US-2.495 | POU, RAT | N, P1 | | 3.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 3.11.2023 | |
| | US-2.496 | POU, RAT | N, P1 | | 6.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 6.11.2023 | |
| | US-2.497 | POU, RAT | N, P1 | | 7.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 7.11.2023 | |
| | US-2.498 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.499 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.500 | POU, RAT | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 8.11.2023 | |
| | US-2.501 | POU, RAT | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 8.11.2023 | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | US-2.502 | POU, RAT | N, P1 | | 8.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 8.11.2023 | |
| | US-2.503 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.504 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023 | |
| | US-2.505 | POU, RAT | N, P1 | | 9.11.2023 | |
| | | GBM | P1 | | 9.11.2023’. | |